

Páidín An Bhata Mhóir

Bhí fear agus bean ann fadó agus a raibh mac acu ar bhaiste siad Páidín air. Chuir a athair crann an lá a rugadh Páidín. Faoin am a raibh Páidín seacht mbliana d'aois, chuir a athair amach é ag baint an chrainn. Níor éirigh le Páidín an crann a bhaint an chéad bhabhta seo. D'fhan na tuismitheoirí go dtí go raibh Páidín cheithre bliana déag d'aois. Amach leis arís agus d'fhéach sé leis an gcrann a strachailt as an talamh ach diabhal stangadh as an talamh ach diabhal stangadh féin a bhain sé as.

Bhí go maith agus ní raibh go holc. D'fhás Páidín suas ina fhear mhór agus faoin am a raibh sé bliain is fiche, d'iarr a mhuintir air a ghabháil amach arís ag baint an chrainn. Ní raibh blas stróimh ar Pháidín an babhta seo a crann a stróiceadh leis agus ní hé amháin sin, ach tharraing sé préamhacha agus créafóg in éineacht leis a mheáigh dhá scór tonna.

Shocraigh Páidín ansin go ngabhfaidh sé ag tóraíocht oibre. Bhí a thuismitheoirí sásta scaoileadh leis. An lá a raibh sé le n-imeacht, rinne a mháthair dhá chaca, ceann mór agus ceann beag. Thaispeáin sí na cácaí do Pháidín agus thairg sí ceann acu dhó – an ceann mór lena mallacht agus an ceann beag lena beannacht. Thóg Páidín an ceann beag lena beannacht. Bhuaile sé bóthar an mhaidin dár gcionn agus choinnigh sé ar ag siúl go dtí titim na hoíche. Ansin chonaic sé solas i bhfad uaidh. Rinne sé ar an solas. Bhuaile sé an doras agus tháinig fear an tí amach. D'fhiafraigh sé do, an raibh aon obair aige. Feiliméara ab ea an fear seo. Dúirt sé leis gur theastaigh fear go géar uaidh agus a bheith réidh go luath ar maidin. Rinne an bheirt margadh go mbeadh obair bliana ag Páidín. Bhí pá le fail ag deireadh na bliana agus bhí lóistín saor in aisce aige i gcaitheamh na bliana.

Maidin lá arna mháireach, tugadh capall agus carr do Pháidín agus bhí air ghabháil 'un an bhaile mhóir agus mangarae a thabhairt abhaile. Chaith Páidín an bata mór isteach sa gcarr agus blas ar bith ach go raibh an capall in ann é a

tharraingt! Chuir Páidín an mangarae uilig a theastaigh ón bhfeiliméara isteach sa gcarr agus bhris droim an chapail! Chroch Páidín an capall, an carr agus an mangarae suas ar a dhroim agus bhuaile an bóthar abhaile. Bhí iontas an domhain ar an bhfeiliméara nuair a chonaic sé an bodach ag teacht agus an t-ualach ar a dhroim.

"Ó", a deir an feiliméara lena bhean, "tá an bodach mór ag teacht agus drochghnó air".

Nuair a chonaic an feiliméara an gníomh a bhí i bPáidín, ní mó na sásta a bhí se, go mbeadh sé ag obair aige. Bheartaigh sé obair a bheadh dodhéanta a thabhairt le déanamh dhó lá arna mháireach.

Bhí Páidín ina shuí leis an gcofaoineach. Ní raibh uaidh ach a bheith ag obair. Dúirt an feiliméara leis go gcaithfeadh sé a ghoil síos go hlfreann faoi dhéint a dheartháir.

"Cén chaoi a n-aithneoidh mé é?", a deir Páidín.

"Tá fiacail fhada ina charbad uachtair", a deir an feiliméara, "agus fiacail ghearr ina charbad íochtair".

D'imigh Páidín leis. Nuair a chonaic na diabhair ag teacht é, chuir siad glas ar gheataí Ifrinn, mar scanraigh an feithideach diabhail seo iad. Tharraing Páidín iarradh ar na geataí, a leag iad, agus isteach leis.

"Céard atá uait?", a deir na diabhair.

D'inis Páidín dóibh go raibh dearthair an fheiliméara ag teastáil uaidh agus go raibh sé le é a thabhairt abhaile leis.

"Oibrigh leat", a deir na

diabhair. "Croch leat é".

Nuair a chuaigh Páidín ag tóraíocht, bhí fiacail fhada i gcarbad chuile chréatúr dá raibh ann, agus fiacail ghearr ina gcarbad íochtair!

"Croch leat iad uilig", a deir na Diabhair!

Thiomáin Páidín na créatúir seo amach roimhe agus ar aghaidh leis i dtreo theach an fheiliméara. Bhí an feiliméara ina bhambairne ceart nuair a chonaic sé an scata seo ag teacht agus Páidín á dtiomáint roimhe.

"Ó" a deir sé, "croch leat arís ar ais go hlfreann iad!".

Nuair a tháinig Páidín ar ais bhí a intinn déanta suas ag an bhfeiliméara, go gcaithfeadh sé fail réidh le Páidín. Dúirt sé le Páidín ná raibh aon obair eile le déanamh ar an bhfeilm agus go bhféadfadh Páidín a ghoil abhaile.

"Socrú bliana a bhí againn", a deir Páidín, "agus ní fhágfaidh mé ball na háite seo go dtí go mbeidh an bhliain curtha isteach agam".

Thairg an feiliméara pá na bliana dhó, ach ní raibh Páidín sásta. Théis chuile sháraíocht faoi dheireadh fuair Páidín mála airgid agus sin é an fear a raibh ríméad air a' goil abhaile go dtí a thuismitheoirí. Ní raibh aon chall ar cheachtar den triúr ach an chuid eile dá saol!

Joe Shéamais Ó Fátharta, go ndéana Dia grásta air, a d'inis an scéal seo dhá chuid gasúir sna hAille sna ceathrachadaí agus sna caogadaí. D'fhéadfadh sé gur ó Pháidí Dhiarmuda Ó Fatharta, a uncail, a fuair seisean an scéal.